Ceiliúradh Ríoga ▸3
Bua éachtach ▸16
Fógraí Pobail ▸12
Cosaint Éin v Cearta Talaimh ▸5




Saor in aisce sna trí paróistí

# Goitse

Uimhir 13
21 Márta 2014
Teagmháil:
086 8476862

Saor in Aisce sna trí Pharóistí: NA ROSA • GAOTH DOBHAIR • CLOICH CHEANNFHAOLA goitse.org



Bhí Naomh Pádraig é féin Dearg le Fearg nuair a ghlac sé páirt i bPráid na Féile Pádraig a reáchtáladh i nGaoth Dobhair Dé Luain seo caite. (Tuilleadh grianghrafanna ón bparáid ar lgh 8-9)

## Grúpa an Údaráis i mbun oibre

Tá sé seachtain anois ó d'fhógair bainistíocht Bhia Ghaoth Dobhair go raibh rún acu a monarcha ar Pháirc Ghnó an Screabáin a dhruid agus an táirgeadh a bhogadh go dtí monarcha eile dá gcuid i gCill Dhéagláin i gContae na Mí.

D'fhógair an tAire Stáit Dinny McGinley agus Údarás na Gaeltachta go gcuirfí grúpa oibre ar bun le gnónna eile a mhealladh chuig an Screabán agus tá sé fógartha anois cé a bheas ar an ghrúpa sin.

Taobh leis an Údarás, beidh ionadaithe ón IDA, ó Fhiontar Éireann, ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall, ó Sholas agus ó Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn.

Meastar go bhfuil tábhacht leis an dá eagraíocht dheireanach sin le taispeáint do ghnónna atá ag smaoineamh ar bhogadh chuig an cheantar seo go mbeidh seirbhísí traenála ar fáil go háitiúil do na hoibrithe.

Cé gur dhúirt achan pholaiteoir áitiúil gur buille tromchúiseach a bhí ann go raibh Largo Foods leis an mhonarcha a dhruid, bhí roinnt acu ag gearán faoin ghrúpa oibre, ag rá go raibh sé ró-mhall anois lena leithéid a chur ar bun nuair a bhí an fógra déanta.

Anois nuair a tá a fhios againn cé a bheas páirteach sa ghrúpa, b'fhéidir go mbeidh míniú ar fáil ar an straitéis a bheas acu le postanna a mhealladh chuig an cheantar.

Nuair a d'fhógair Largo go raibh siad ag bogadh amach as Gaoth Dobhair, dúirt siad go raibh costaisí iompair ró-ard agus gur sin ceann de na fáthanna go raibh siad leis an táirgeadh a lárnú i gCill Dhéagláin.

*Ar lean ar lch 2*



# Grúpa an Údaráis i mbun oibre

Ar lean ó lch 2

Ach tá táille úr ar leoraithe ag trasnú na teorainne isteach sna Sé Chontae ag teacht i bhfeidhm ar 1 Aibreán agus ardóidh sé sin fadhbanna do chomhlachtaí móra idirnáisiúnta a bheadh ag smaoineamh ar bhogadh chun an cheantair seo.

Dúirt tráchtairí agus polaiteoirí áirithe gur chóir don Údarás díriú ar chomhlachtaí beaga áitiúla agus iad a fhorbairt agus, ar an dóigh sin, go mbeadh na postanna a chruthófaí níos buaine.

Ag labhairt le *Goitse* an tseachtain seo, dúirt urlabhraí don Údarás go mbeadh na deontaisí céanna ar fáil do chomhlacht ar bith áitiúil agus a bheadh ar fáil do ghnó ar bith as áit ar bith.

Mar chomhartha de sin, luaigh sí an chomhlacht Millíní atá lonnaithe ar an Pháirc Ghnó le tamall anuas.

cartún — scadán caoch




OÉ Gaillimh
NUI Galway

Dioplóma i Scileanna Teilifíse agus Ilmheán



Ar mhaith leat oibriú i dtionscal na teilifíse nó na n-ilmheán?

- Scileanna ceamara, fuaime agus eagarthóireachta
- Trealamh nua-aimseartha den scoth
- Suíomh idirlín a dhearadh agus a chur ar líne
- Na Meáin Shóisialta: Facebook, Twitter agus YouTube
- Táillí íoctha
- Deiseanna fostaíochta in earnáil le teilifíse (TG4, RTÉ, Ros na Rún, Telegael srl)

Tuilleadh eolais:
(074) 9531919
gaothdobhair@eircom.net
www.acadamh.ie
www.facebook.com/acadamhghaothdobhair




Moira Ní Ghallachóir, mng, Seán Ó Cuirreáin agus Caroline Jahn ag seoladh feachtas eolais in éindigh le oibrithe deonacha taobh amuigh de Siopa Pobail

# Feachtas eolais na siopaí pobail

Chuir Donegal Volunteer Centre (DVC) i gcomhair le mng.ie agus siopaí pobail ar an Fhál Charrach, i nGaoth Dobhair agus ar an Chlochán Liath feachtas póstaer ar bun ar na mallaibh le eolas a thabhairt don phobal fán obair a bios ar bun sna siopaí seo.

Dúirt Sean Ó Curráin, as an Fhál Charrach, "In san timpeallacht láithreach, agus brú atá ar acmhainní, tá na siopaí seo an tábhachtach don phobal uilig, agus tá bród ar DVC tacaíocht a thabhairt dá gcuid oibre"

Tá na póstaeir seo chun taispeáint caidé uilig atá ar fáil sna siopaí agus inse caidé an dóigh le tacaíocht a thabhairt dóibh. Rinne mng.ie agallamh leis na siopaí uilig le eolas a chur le chéile le póstaer a dhearadh le gabháil sna siopaí. Rinneadh póstaeir éagsúla do shiopa pobail CDP Na Rosann, Siopa Uinsinn Ghaoth Dobhair agus Pobal le Chéile, an Fál Carrach.

D'fhógair siopa pobail CDP Na Rosann €34,000 atá curtha ar ais isteach sa Phobal ó d'oscail said na doirse 5 bliain o shin.

Bhí an staic áitiúil Andrew Sweeney ina mhainicín do phóstaer Shiopa Uinsinn Ghaoth Dobhair, ag léiriú an chaighdeán éadach atá ar fáil, an obair atá na hoibríthe deonacha a dhéanamh, agus an maitheas don phobal uilig. Áit shóisialta na siopaí seo chomh maith le bheith ábalta neart margaí a phiocadh suas.

Tá níos ná 30 oibrithe deonach ag obair i siopa pobail an Fháil Charraigh. Tá sé ráite gurb é an siopa is gnoithí sa bhaile é!

'Tá mo chroí istigh sna siopaí seo. Tá sé dochreidte an aisling atá ag na siopaí seo, tá sé in am dúinn iad a mholadh agus tuilleadh tacaíochta a thabhairt daofa', arsa Moira Ní Ghallachóir as mng.ie.

Tá na póstaeir le feiceáil in sna siopaí pobail uilig agus beidh an tionscail seo á roinnt amach fríd an chondae uilig.

# Gaeltacht gan obair – Gaeltacht mharbh

Níl amhras ar bith ann ach go bhfuil buille trom buailte ag Largo Foods in aghaidh mhuintir an cheantair seo nuair a d'fhógair siad go bhfuil rún acu an mhonarcha ar an Screabán a dhruid agus bata is bóthar a thabhairt don 140 duine atá fostaithe ansin.

Beidh impleachtaí ag an chinneadh sin ar achan ghné de shaol eacnamaíoch an cheantair seo.

Is cuma caidé an cineál gnó atá ann, aithneoidh siad go bhfuil deireadh le Bia Ghaoth Dobhair.

Ní hiad na daoine a bhí fostaithe sa mhonarcha síos fríd na blianta amháin a bheas thíos leis. Mar atá a fhios againn uilig, nuair a bhaineann tú an méid sin postanna amach as geilleagar beag cosúil leis an cheann atá againn anseo, téann sin i bhfeidhm ar na gnónna uilig sa cheantar.

Ní bheidh an méid céanna airgid ag daoine le caitheamh sna siopaí, sna bialanna, sna tithe tábhairne, sa ghruaigeadóir nó sna seirbhísí eile áitiúla.

## Eagarfhocal

> "Tá an dochar déanta anois ach caithfear teacht ar bhealach inteacht le fostaíocht a chruthú sa cheantar le postanna a chur ar fáil, ní amháin do na daoine a chaill post le Bia Ghaoth Dobhair, ach don ghlúin atá ag teacht ina ndiaidh."

Sin fáth amháin go mbeadh sé tábhachtach go ndéanann Údarás na Gaeltachta a seacht ndícheall níos mó fostaíochta a tharraingt isteach sa Pháirc Ghnó ar an Screabán chomh luath agus is féidir.

Tá an dochar déanta anois ach caithfear teacht ar bhealach inteacht le fostaíocht a chruthú sa cheantar le postanna a chur ar fáil, ní amháin do na daoine a chaill post le Bia Ghaoth Dobhair, ach don ghlúin atá ag teacht ina ndiaidh.

Bhí póstaer á chaitheamh ar an pharáid ag deireadh na seachtaine seo a chuaigh thart agus "*Gaeltacht gan obair – Gaeltacht mharbh*" scríofa air.

Tá ciall leis sin.

An mhí seo a chuaigh thart, scríobh muid sna leathanaigh seo go raibh an t-am ann seasamh agus troid a dhéanamh don cheantar seo agus nár chóir an troid sin a dhéanamh cúng.

Léiríonn scéal Largo Foods dúinn caidé chomh tábhachtach is atá sé troid ar son postanna dár gcuid páistí nuair a fhágann siad an scoil.

Níor éirigh leis an Tíogair Cheilteach an ceantar seo a shlánú agus níl polasaí na déine ag dul muid a shlánú ach an oiread.

Más mian linn cultúr na Gaeltachta a chosaint agus an Ghaeltacht a chaomhnú, caithfidh muid déanamh cinnte go bhfuil obair ar fáil do na daoine óga agus nach bhfuil fiachadh ar ghlúin eile páistí imeacht thar sáile gan pilleadh.

Cibé postanna a chruthaítear anseo, bíodh siad buan seasmhach agus tugadh siad deis do dhaoine fanacht sa cheantar agus clann a thógáil.

Gan sin, níl mórán dóchais ann go mairfidh an rud a dtugann muid Gaeltacht air.

**Fáiltíonn Goitse roimh litreacha ónár léitheoirí. Is féidir litir atá le foilsiú a sheoladh chuig litir@goitse.org.
Seol comhfhreagras ar bith eile chuig eolas@goitse.org nó déan teagmháil ag 086 8476862**

# Fad saoil don Rí!

Bhí ceilúradh 70 bliain ag Rí Thoraí, Patsy Dan Mac Ruaidhrí an deireadh seachtaine seo caite. Bhí sé iontach soiléir nach bhfuil an aois ag cur isteach nó amach ar an fhear cáiliúil seo.

Bhí daoine as thart ar an tír uilig, chomh maith le hAlbain, Ceanada agus Nua-Shéalainn, agus scéal acu uilig faoin dóigh ar chas said ar an Rí agus an ceangal a rinne said leis an oileán.

Chuir úinéirí úra an Óstáin, Sean agus Patricia Doherty bia ar dóigh ar fáil.

Fuar Patsaí achan sort bronntanais, ina measc úrscéal ina bhfuil sé féin mar charachtar, scríofa ag Kieran Devany a chuireann an clár *Seascapes* i láthair do RTÉ. Beidh an leabhar ag teacht amach ag an Nollaig.

Rinne an rí cinnte go raibh damhsa aige le achan duine ag an chóisir. Bhí an ceol ag gabháil ar aghaidh go dtí na huaireanta beaga. Ach bhí an Rí thíos ar an ché ag a 9 ar maidin ag fágáil slán lena chuid cairde.

Níl fhios cá háit a bhfuil an fuinneamh seo ag teacht as, ach níl deireadh leis, agus é ag amharc níos fearr inniu na bhí riamh, agus chomh paiseanta faoin oileán is a bhí riamh.






Páistí as Gaoth Dobhair a bhfuil an diaibéiteas ag cur as dóibh i mbun agóidíochta ag geaftaí Otharlainn Leitir Ceanainn.

# Easpa cúraim Otharlann Leitir Ceanainn ag cur beatha páistí le diaibéiteas i mbaol

Rinne thart ar 100 baill de Chumann Tacaíochta Diaibéiteas Dhún na nGall agóid taobh amuigh de gheaftaí Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn ar an 3 Márta, lá a d'athoscail an tAire Sláinte, Séamus Ó Rathaille, Ionad Éigeandála an ospidéil.

Bhí siad ag léiriú a míshástachta le stádas chúram na bpáistí a bhfuil Diaibéiteas Cineál 1 orthu. Tá corradh is 140 páiste faoi 18 a bhfuil diaibéiteas cineál 1 orthu sa chontae. De réir rialacha an HSE iad féin agus an méid sin páistí cláraithe, ba chóir go raibh 'altra speisialtóir cliniciúil diaibéiteach' ann le freastal ar na páistí sin. Níl sin ar fáil i Leitir Ceanainn. Chomh maith le sin, tá an Comhairleach Peidiatraiceach a raibh suim ar leith aige sa Diaibéiteas tar éis imeacht chuig post eile, rud a fhágann páistí an chontae seo gan cúram mar is ceart.

Maidin na hagóide, dúirt urlabhraí an ospidéil go raibh siad ag tairiscint poist do altra speisialtóir cliniciúil diaibéiteach ach ní bheadh ach 2/3 de na huaireanta ag déileáil le páistí. Dúirt siad fosta go raibh 2 phost dochtúir le líonadh acu fá láthair agus bhí siad ag súil go mbeadh suim ar leith ag duine acu sa Diaibéiteas.




Aoife Mhic Pháidín, máthair beirt pháistí le diaibéiteas, ag an léirsiú a heagraíodh le linn don Aire Sláinte a bheith ar cuairt ar Otharlann Leitir Ceanainn ar na mallaibh.




Vincy Phadaí Dubh, Cathal Ó Gallchóir agus Cronán Mac ag an agóid taobh amuigh de gheaftaí Otharlainn Leitir Ceanainn

Bhí thart ar 100 duine i láthair ag an ágóid ach ní mó na sásta a bhí siad nuair a shleamhnaigh carr an Mhinistéara Ó Rathaille agus an TD áitiúil Donncha Mac Fhionnghaile isteach san ospidéal. Thug an tAire Sláinte le fios roinnt míonna ó shin go mbeidh sé ag tabhairt faoin scéal seo ach níl faic déanta aige. Mar sin de, caithfidh tuismitheoirí Dhún na nGall cur suas le cúraim do pháistí s'acu le Diaibéiteas, atá ag sárú rialacha an HSE féin.

Níos suimiúla arís, má tharraingíonn tú líne ó Gaillimh go Baile Átha Cliath, tá 5 ionad speisialta le haghaidh Diaibéitis thíos ó dheas faoin líne seo agus níl ceann ar bith ó thuaidh. Is í an cheist is mó a bhí ag na daoine a d'fhreastal ar an agóid – cén fáth a bhfuil difir i gcaighdeán cúraim s'againne agus an chuid eile den tír?

Beidh cruinniú poiblí leis na sonraí is déanaí a scaipeadh Dé Domhnaigh in óstán Mount Errigal i Leitir Ceanainn. Fáilte roimh achan duine.

# Cosaint na nÉin v Cearta Talaimh

*Tá imní léirithe go háitiúil faoi iarrachta stráice talaimh cósta ón Fhál Carrach go Mín Lárach a ainmniú mar Limistéir faoi Chosaint Speisialta*



**Aniar Aduaidh**

le **Brian Mac Rabhartaigh**

Téann sé go smior sa nádúr ionainn mar dhaoine, an rud gur linn féin agus na nithe sin lena gceanglaíonn muid luach faoi leith leo, a chosaint agus a chaomhnú chomh maith is a thig linn é. Tá an méid seo fíor, go hairithe maidir le cúrsaí úinéireacht tailte de. I gcástaí cosaint gabháltais tailte, creidim gur fíor a rá, go ritheann ceangal atá iontach láidir ar fad go doimhneacht croí agus spiorad mhuintir na hÉireann. Is beag ar dhaoine, cuma cé iad féin, rialú nó smacht a chailleadh ar an rud gur leo féin go ceart é, go speisialta nuair is talamh atá i gceist, cé acu talamh a saothraíodh nó a ceannaíodh, nó go háirithe más tailte a síneadh mar oidhreacht chucu óna mbunadh féin atá i gceist.

Síneann stráice talaimh le taobh na farraige, ó bhaile fearainn an Fhál Charraigh, thart bealach an chósta, chomh fada le Mín Lárach, ar an cheann thiar de pharóiste Ghort an Choirce. Tá próiseas ar bun i láthair na huaire, le céatadán ard den stráice talaimh seo, a ainmniú mar Limistéar Faoi Chosaint Speisialta (LfCS), sé sin, mar ghnáthóg atá tábhachtacha leis an traonach a chosaint ann. Má éiríonn leis an togra ainmniúcháin seo a theacht i bhfeidhm, is cinnte go mbeidh impleachtaí fadtéarmacha agus tromchúiseacha lena leithéid do na húinéirí a bhfuil gabháltais acu ins an limistéar airithe seo. I measc na ngníomhachtaí a mbeidh tionchar ag an ainmniúchán seo orthu, beidh cúrsaí feirmeoireachta, dobhar-shaothrú agus cúrsaí iarratais phleanála. Sa mhullach air seo, beidh srian ghéar le gníomhaíochtaí faoi leith a dhéanamh ar thailte na limistéar, ach amháin, le cead is toiliú ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

In ainneoin cuid mhór míshástachta agus feirge i measc mhuintir an cheantair, go háirithe i measc na n-úinéirí talaimh, leis an próiseas ainmniúchán seo ina iomláine agus an easpa comhairliúcháin, leanann an áisíneacht Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF), a fheidhmíonn faoi cheannasaíocht na Roinne Ealaíona, Oidhreachta agus Gaeltachta orthu, ag brú chun tosaigh leis an ainmniúchán, le beag aird i ndáiríre ar ábhar bhuartha na ndaoine lena mbaineann na tailte.

Seoladh 242 aighneachtaí ina iomláine faoi bhráid an tSPNF, ó úinéirí agus ó daoine le leas dlíthiúla acu ins na tailte atá ainmnithe. Is léiriú soiléir an méid seo féin ar leibhéal mhíshástachta na n-úinéirí, maidir lena gcuid tailte a bheith cuimsithe ins an LfCS atá beartaithe. I measc na bpríomhábhar imní atá ar dhaoine nó go gcuirfidh a leithéid de ainmniúchán cosc ar aon fhorbairt chónaithe, tráchtála agus feirmeoireachta ar a gcuid tailte amach anseo. Chan feirmeoirí móra ar bith, leis na céadta acra de thalamh maith feirmeoireachta iad na húinéirí a dtig a gcuid tailte faoin limistéar ainmnithe seo, ach gnáthfheirmeoirí beaga agus gnáthdhaoine a bhfuil gabháltais bheaga tailte lena n-ainm acu.

Tá sé iarrtha ag baill den phobal agus ag roinnt ionadaithe poiblí ar an Rialtas reatha, deireadh a chur leis an phróiseas ainmniúcháin seo láithreach bonn, sa dóigh is go mbeifí ábalta cluas éisteachta mar is ceart a thabhairt do imnithe na n-úinéirí agus oibriú leo, seachas ina n-éadan, ar mhaithe leis an phobal féin agus leis an Traonach. Mar a sheasann rudaí faoi láthair, meastar go bhfuil níos mó measa á thaispeáint do na Traonaigh, nach mbíonn ag cur fúthu fán cheantair ach seal ghairid i rith na bliana, seachas do na daoine a bhfuil cónaí buan orthu ina ndúiche féin.

Tá sé luaite ag úinéir amháin, a bhfuil a chuid tailte ainmnithe ins an LfCS; "Ar an drochuair, tá na Traonaigh faoi bhagairt agus i ndainséar i bhfad níos mó anois, ná mar a bhí siad riamh. Má tá an tSPNF dáiríre fá chosaint an traonaigh, caithfidh siad iarracht níos fearr a dhéanamh obair le muintir na háite. Níltear ag tabhairt chothrom na féinne agus cluas cheart éisteachta dúinne, a bhfuil talamh againn ins an LfCS agus a bhfuil cónaí orainn ins an cheantair seo i rith na bliana. Caithfidh oifigí ón tseirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a theacht amach agus labhairt leis na daoine agus meas a thaispeáint daofa, ansin thig linn aghaidh a thabhairt ar shábháil an Traonaigh, má tá cheann ann le sábháil ar chóir ar bith."

Is cinnte go bhfuil an próiseas ainmniúcháin LfCS seo ag cur strus fiánta ar go leor úinéirí agus teaghlaigh. Tá daoine buartha faoina dtodhchaí, ó thaobh maitheas agus fiúntas a gcuid móinte, mínte is tailte, má théann an rialacháin agus an t-ainmniúchán áirithe seo, atá a bhrú anuas orthu, fríd go rathúil agus a theacht i bhfeidhm, mar ordú Rialtais.

Ardaíonn a gcás neart ceisteanna maidir le todhchaí na Gaeltachta. An mbeidh deis ag daoine tithe a thógáil dá gclann ar a gcuid tailte féin? Chomh maith le sin, ceisteanna maidir le caidé chomh dlíthiúil leis an phróiseas seo ina iomláine, nuair nach raibh próiseas mar is ceart comhairliúcháin ar siúil leis na húinéirí, sular tugadh fógra daofa, go raibh a gcuid tailte ainmnithe ins an LfCS.

Ardaítear ceisteanna fosta fá chearta maoine daoine, agus tá a leithéid aitheanta faoi Bhunreacht na tíre. Ceist mhór eile atá ag cur imní ar dhaoine nó fá dhíluacháil tailte, de bharr cinntí údaráis tailte a chuimsiú ins an LfCS.

Tá sé fíorthábhachtach go suífidh na húdaráis chuí síos leo seo a bhfuil imní agus buaireamh orthu agus an togra a phlé ina iomláin leo mar is ceart. Caithfear iarracht breise a dhéanamh theacht ar chomhréiteach, a bheas sásúil agus a rachaidh chun leasa do achan nduine atá sáite ins an achrann seo agus ansin thig aghaidh a thabhairt ar chaomhnú an Traonaigh.

A fhad is a bhaineann an cheist seo le cosaint na Traonaigh, caithfear a lua, chan é nach dtuigeann is nach gcreideann na húinéirí talaimh an tábhacht a bhaineann le caomhnú na timpeallachta agus le cothú na n-éan fiáine. Tuigeann siad an méid seo go maith, b'fhéidir fiú go bhfuil tuigbheáil agus tuiscint níos doimhne acu air agus ar bhealaigh le tabhairt faoi, na mar a luaitear leo go minic. Is cinnte go bhfuil comhfhreagracht ar achan duine, meas a bheith acu ar thimpeallacht nádúrtha na dúiche ina maireann siad, chomh maith le achan rud a bhaineann leis an timpeallacht sin a chaomhnú. Mar shaoránaigh de chuid na cruinne, is caomhnóirí sealadacha an chomhshaoil muid uilig agus ní mór dúinn an timpeallacht nádúrtha atá thart orainn agus an uile ní a bhaineann leis a choimeád agus a choinneáil slán ó thruailliú agus ó dhainséar, ionas go gcoinneofar slán an domhan mar atá a fhios againn é, ina bheatha. Níl uaidh achan nduine ach ceart agus cothrom na féinne agus ansin thig aghaidh a thabhairt ar chearta na n-éan!

Goitse
ar fud na cruinne
Tá Goitse ar fáil ar-líne ag **www.goitse.org**

# Deireadh Seachtaine na Gaeilge in Áislann Rann na Feirste


Mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge, bhailigh scaifte mór isteach in Áislann Rann na Feirste don chomórtas Abair Amach agus Deireadh Seachtaine na Gaeilge.

Tháinig daltaí agus múinteoirí as scoltacha ar fud na Cúige agus bhí ráchairt ar na comórtais do dhaoine fásta fosta.

Comhghairdeas le Malachy Mac Cionnaith as Baile Átha Cliath ach gur as Beal Feirste ó dhúchas dó ar bronnadh gradam Pearsa Rann na Feirste 2014 air le linn dheireadh na seachtaine. Chuir Malachy an leabhar Seanchas Rann na Feirste amach in 2005. Tá an leabhar as cló le fada ach tá sé le fáil anois ag www.rannnafeirste.com.




Buaiteoir an chomórtais *Abair Amach* Ailbhe Ní Ghallchóir ag glacadh lena corn.




Mary Aggie i ndearg



Lynette Fay ón BBC ag baint sult as imeachtaí na deireadh seachtaine.



Eibhlín Mhic Aoidh, Damien O Domhnaill, Donnchadh Chassie Ó Baoill, Stephen Ó Domhnaill agus Seán Mac Corraidh



# Solas Dearg ag Aisteoirí Ghaoth Dobhair



Áine Ní Bhreisleáin, Seán Ó Maolagáin agus Colm Mac Giolla Easpuig ag cleachtadh do léiriú Aisteoirí Ghaoth Dobhair den dráma An Solas Dearg.

Tá foireann de chuid Aisteoirí Ghaoth Dobhair ar a seacht ndícheall ag cleachtadh an drama *An Solas Dearg* faoi láthair. Dráma dhá ghnímh atá ann a scríobh Antaine Ó Flaithearta, agus bhí sé ar cheann de bheagán drámaí nua scríofa i nGaeilge a léiríodh ar ardán Amharclann na Mainistreach le fiche bliain anuas. Tá cáil mhór ar Aisteoirí Ghaoth Dobhair le breis agus 70 bliain anuas as ucht chaighdeán a gcuid léirithe agus go h-áirithe a gcuid aisteoireacht. Is iomaí ball den chompántas a chuaigh ar aghaidh agus atá ina n-aghaidheanna aitheanta ar TG4 anois.

Ach is é seo an chéad léiriú mór do na h-Aisteoirí ó cailleadh Tomás Mac Giolla Bhríde (Tom a Bhungalow) a bhí mar chnámh droma agus léiritheoir acu le blianta fada. Tá an dráma seo á léiriú ag Cathal Ó Gallchóir, atá mar bhall de na hAisteoirí le roinnt mhaith blianta, agus tuigeann sé an dúshlán atá ann.

"Níor léirigh mise dráma riamh, ach is iomaí comhrá a bhí agam le Tom faoi , agus deireadh sé – "gabh agus déan é" , ach ní raibh muinín agam sílim" a dúirt Cathal. "Ach bhí sé tábhachtach, i ndiaidh Tom a chailleadh, go gcoinneofaí ag dul — "*the show must go on*" mar a déarfadh sé féin."

Spreagadh Cathal le tabhairt faoin dráma i ndiaidh dó cúrsa a dhéanamh leis an léiritheoir Beartla Ó Flaithearta sa Chrannóg ag tús na bliana.

"Caithfidh tú toiseacht áit inteacht. Tá criú ar dóigh ann le meascán de na 'sean'-aisteoirí - sé sin Sean Ó Maolagain, Bernie Ní Dhuibhir agus Máire Uí Rabhartaigh, i gcuideachta aghaidheanna úra cosúil le hÁine Ní Bhreisleáin, Colm Mac Giolla Easpuig agus Dónal O Cnáimhsí. Tá aithne mhaith ar Áine mar thráchtaire le nuacht TG4, agus is iomaí dráma a raibh Dónal ann le Aisteoirí De hÍde agus Aisling Ghéar i mBéal Feirste ach seo an chéad uair dó le hAisteoirí Ghaoth Dobhair. Tá an seit á dhearadh agus á thógáil ag Seán Ó Duibhir, i gcomhar le Manus Ó Domhnaill agus Eoghan Mac Giolla Bhríde — baill de na hAisteoirí le blianta fada — agus beidh Suzanne Ní Ghallchóir mar chúntóir léirithe.




"Tá an drama seo níos nua-aimseartha agus ar stíl difriúil don cineál a bheadh againn de ghnáth", a dúirt Cathal "ach sílim go mbainfidh daoine sult as. Tá súil agam go mbainfidh!"

Beidh an dráma ar an ardán i halla spóirt Phobalscoil Ghaoth Dobhair ar an 16–18 Aibreán.

# Comhartha báis a bhainfeadh creathadh as crann

## An Crann Creathach
*Populus tremula*

*Crithach ara criothugudh,*
*Atchluinim ma seach,*
*A duille for riothugudh,*
*Dar leam as í an chreach.*
*—Suibhne Mac Colmáin*



Ceann de na tréithe is aitheanta ag an Crann Creathach ná go bhfuil sé creathach! Bíonn na duilleoga ar crith ag an leoithne is tláithe. Agus, as siocair go mbíonn gach ní eile ciúin socar ag an am, tá an siosarnach sonrach soiléir. Ach cén fáth ar chuir an fhuaim seo an chreach i gcuimhne do Shuibhne, an crannadóir coille a chuaigh le gaoth in Éireann fadó?

Seans go bhfuil baint ag an stádas a bhí ag an Chrann Creathach sa bhéaloideas leis; comhartha an bháis agus an domhain neamhshaolta a bhí ann.

Ar ndóigh, bhí crainn eile lena raibh mí-ádh nó an drochrud luaite leo; Iúr (*Taxus baccata*), Sceach (*Crataegus monogyna*), Trom (*Sambucus nigra*) agus Draighean (*Prunus spinosa*). Is dóiche mar nach raibh mórán úsáid dhaonna ag baint leo fadó.

Níos déanaí, le teacht na Chríostaíochta, bhí sé curtha i leith na bplandaí urchóideacha seo gur astu a rinneadh cros Chríost nó an coróin spine. Is mar gheall air sin, deirtí, go mbíonn an Crann Creathach ar crith le náire ó shin.

Is déantús ar leith ar an duilleog cúis chreatha. Tá an peitín nó cos duilleoige caol, laghdaithe go h-ingearach leis an bhileog.

Ach cén bhuntáiste a thugann an mionathrú seo dó?

B'fhéidir go bhfuil an crann níos ábalta na gaotha móra a sheasamh mar go bhfuil gach duilleog ar nós seol scaoilte.

Nó seans go gcuireann an síor-bhogadh as do na feithidí a bheadh beo ar an duilliúr.

Cé go bhfásann an crann measartha gasta, níl mórán fiúntais san adhmad bog. Déantar cipíní solais leis ach is mar ábhar páipéir a úsáidtear an mhórchuid. Is tionscal sách trom an próiseas chun adhmad a aistriú go páipéar. Glacann sé roinnt maith fuinnimh agus ceimicí go háirithe chun an lignin (an páirt adhmadúil de phlanda) a bhriseadh. Tá an Crann Creathach cruthaithe anois le 45% níos lú lignin agus fásann sé níos gaiste. Dea-scéal, ach tá amhras fós ann faoi mhionathrú gineolaíoch (G.M.) mar seo.

Tá dhá inscne den speiceas ann; bíonn na bláthanna fireann agus baineann ar chrainn éagsúla. Is ag an am seo den bhliain a bhriseann na caitíní amach. Tá siad crochta ar ghéaga loma, na cinn fhireann donn/glas agus na bláthanna baineanna glas. Is ar an ghaoth a shéidtear an pailín ó bhláth go bláth agus is í an ghaoth a scaipeann na síolta clúmhacha. Ní mhaireann na síolta ach cúpla lá roimh ghinidiú. Ach níl an crann seo ag brath go hiomlán orthu. Cuireann sé meatháin, sé sin go bhfásann crainn úra ó na fréamhacha. Is fíor-annamh mar sin a bhíonn Crann Creathach ag fás go haonraic. Ach, ar ndóigh, is clóin iad na plandaí seo den crann as a shíolraigh siad. Mar gur ionann na crainn ó thaobh gineolaíochta de, thig glacadh le grúpa mar orgánach amháin. Agus sin amhlaidh, is cinnte gur Crann Creathach Meiriceánach *Populus tremuloides* an ní beo is mó agus is sine da bhfuil ann.

Agus na duilleoga ag briseadh amach, is minic a bhíonn boladh milis san aer. Is ó ghuma cosanta ar na bachlóga a thagann sé. Tá ungadh ar a dtugtar populeon déanta de atá mar faoiseamh in éadan gríosú pianmhar.

Fásann beacán áitithe go simbeoiseach leis an Crann Creathach. Saghas boletus é *Leccinum aurantiacum* atá mór, oráiste agus breá blásta.






# Paráid na Féile Pádraig i nGaoth Dobhair
















DEARG
LE
FEARG
GLAS
LABHAIR
Í
AGUS
MAIRFIDH SÍ
SEAS LEIS
AN
GHAEILGE


ARG LE FEARG
CHONAILL.
GAELTACHT
GAN OBAIR
GAELTACHT
MHARBH




DÚIRT
MO DHAIDÍ
LIOM É SEO
A
IOMPAR!

# Béile blasta fá choinne goile géar



Pól Ó Muireasáin

Tá a fhios ag an tsaol agus gach níon máthara anois go bhfuil dúil mhór agamsa i mbia an chladaigh agus na farraige. Is doiligh an smalcaire mar atá ionam a shásamh in amanna. Má bhíonn sé saor in aisce agus gan agam le déanamh ach gabháil síos chun na trá le linn rabhartaí móra fána choinne, féadann tú a rá gur mise atá chomh sásta le píobaire achan uair a bheirimse lón breá isteach ar ais chun na cistine. Tá cineál amháin sliogéisc le fáil go fada fairsing thart fá chósta na hÉireann agus atá deas blasta le hithe — an scian mhara.


Is iad rabhartaí móra an Earraigh an t-am is fearr le gabháil ar a dtóir mar go mbíonn teacht agat ar a mbeirtreach. Is fearr an oíche fosta mar nach mbíonn an dá shealgaire is mó a bhíonn acu thart an t-am sin — daoine agus na héanacha — gan mise féin a chur san áireamh, ar ndóigh! Na trí rud is tábhachtaí a bhíonn agam leis na breallaigh seo a sheilg — buicéad, lampa láidir cloigne agus cúpla tobán salainn. Má bhíonn gealach iomlán ann agus gan aon scamaill lena ceilt, bíonn sé geal go leor le go bhfeicfidh tú iad ag gobadh aníos as an ghaineamh ar imeall an chladaigh agus an fharraige ag toiseacht a líonadh arís. Níl le déanamh ach amharc thart agus tchífidh tú iad ag teacht aníos fá choinne rud beag aeir faoi choim na hoíche. In amanna eile, cuireann siad iad féin in iúl lena ndá shiofón agus an fheoil bhán a bíos ag lonrú faoi sholas na gealaí nó an lampa cloigne. Má bhímse iontach éadrom ar mo chois, thig liom teacht aniar aduaidh orthu agus greim a fháil orthu sula mbíonn deis acu éalú orm. Más trom ar mo chois mé, rachaidh siad síos go domhain sa ghaineamh arís agus ní bheidh le feiceáil agam ach an scaird uisce a scaoilfidh siad aníos ina ndiaidh.

Tá sé tábhachtach gan iad a tharraingt amach go tobann ná go lom láidir mar go gcaillfidh tú an chos atá orthu — an chuid is tibhe agus is fearr den fheoil. Tá greim láidir acu agus ní mór duit iad a choinneáil go socair go dtí go mothóidh tú iad ag scaoileadh greama. In amanna eile, caithfidh mise rud beag salainn orthu agus scaoilfidh siad scaird bheag uisce amach san aer sula dtumfaidh siad síos sa ghaineamh. Ní fada, áfach, go dtiocfaidh siad aníos arís mar go bhfuil an bharraíocht salainn orthu agus cuirfidh siad iad féin amach as an ghaineamh go hiomlán go dtí go mbeidh siad ina luí ar a bharr. Ba mhinic nach raibh mé foighdeach go leor le fanacht orthu. D'imigh mé liom le sceana mara eile a fháil agus mé ag siúl siar arís, tháinig mé ar na cinn a chuir iad féin amach ar bharr an ghainimh. Breallach débhlaoscach é an scian mhara — deirimse le daoine nár bhlais na sceana mara riamh go mbíonn an fheoil iontu níos blasta ná na srócáin agus chan chomh saibhir leis na muiríní.



Is mór an spórt agus an spraoi atá le seilg *Ensis siliqua* nó an Scian Mara mar is fearr aithne againn air!

Tá sé millteanach furasta iad a bhruith le fíon geal agus gairleog agus sú líomóide. Chomh luath géar agus a osclóidh na sliogáin amach, bain amach as an phota iad. Rabhadh: ná bruith níos mó ná bomaite is 50 soicind iad agus amharc go géar ar an chlog le cloí leis an am sin. Caith amach na sliogáin agus coinnigh an sú. Is é is mian liomsa a dhéanamh ná an mála beag stéige atá acu a ghearradh amach agus an fheoil a ghearradh ina píosaí móra. Má bhíonn mias de spagaití nó de chloigíní pasta réitithe roimh ré, níl le déanamh agat ansin ach na píosaí feola a chaitheamh isteach leis an spaigití agus an sú agus beagán de shú líomóide agus de lus an choire a mheascadh isteach leis fosta. *Presto*, tá béile breá blasta gasta pasta romhatsa. Tá a fhios agam — ní thiocfadh liomsa gan é a scríobh síos!



Is mór an spórt agus an spraoi atá le seilg sceana mara agus bímse ag foghlaim rudaí úra fá dtaobh dóibh achan uair a théimse amach ar a dtóir. Níor éirigh liom am ar bith teacht orthu thart fá Ghaoth Dobhair agus is fearr liomsa pilleadh arís agus arís eile ar Loch Súilí áit a bhfuil mé cinnte iad a fháil — a bheagán nó a mhórán acu agus sin ag brath ar dhálaí na haimsire. Ní siosaire sceana mara go fóill mé ach tá mé ag obair go dian dúthrachtach i rith an ama leis an teideal áirithe sin a bhaint amach.

*Más maith leat tuilleadh grianghrafanna nó físeáin bheaga a fheiceáil fá mo chuid iarrachtaí le bia na farraige a thabhairt isteach istigh ar Ghabhla agus in Inis Eoghain, déan cairdeas liom ar Facebook. polom1@hotmail.com; www.facebook.com/pol.muireasain.*

# An bhfuil sé in am againn leas a bhaint as ár gcuid múin?



Colún Nóra Chit

Ag comhrá liom ag tóireamh le gairid, dúirt Ollan Herr (fear a d'fhoghlaim a chuid Gaeilge i nGaoth Dobhair) go mbeidh ganntanas fosfáite ar an domhan roimh i bhfad agus, de thairbhe sin, go mbeidh ganntanas bia ann. Nuair a thiocfaidh an lá sin, beidh feirmeoirí ag ceannacht ár gcuid múin uainn uilig.

Dea-scéal nuair a smaoiníonn tú go bhféadfaí an mún céanna a úsáid chun an talamh a leasú in áit dó a bheith ag truailliú uisce an domhain. Is cosúil go bhfuil go leor fosfair i mún duine amháin chun idir 50-100% dá chuid bia féin a thairgeadh.

Siúd mé ag samhlú bocsaí lán de bhuidéil den leacht órga a thairgeann achan duine dá dheoin nó dá ainneoin, agus iad ar fáil ag ceann achan chabhsa in Éirinn d'fheirmeoirí na tíre.

Nuair a shileann na fosfáití agus an nítrigin ón mhún agus ó ghlantaigh isteach sa chóras uisce, cothaíonn said algaí a shlogann an ocsaigin uilig san uisce sa dóigh is nach dtig le neach ar bith a bheith beo ann.

Is cosúil go bhfuil marbhchrios ag béal 400 abhainn ar fud na cruinne faoi láthair, agus an líon sin ag méadú faoi 10% achan deich bliana.

Le deireadh a chur leis an truailliú seo — a bhfuil muid uilig ciontach as — thiocfadh linn, dar le Ollan, giolcarnach a chur leis an umar seipteach nó, níos fear arís, giolcarnach a chur in áit an umair sheiptigh ar fad.

Mhol sé dom labhairt le fear atá eolach faoi na giolcarnaigh seo, Dónal Rua ó Dónaill. Tá Dónal Rua i ndiaidh ceann a chur isteach do fhear i Rann na Feirste. Thaispeáin Dónal dom é, agus mhínigh sé dom go beacht caidé'n dóigh a oibríonn said. Ar ndóigh, is córas an-shimplí é, fhad's go bhfuil titim sa talamh.

Téann achan rud ón leithreas amach i bpíopa a théann isteach i dtigín atá níos lú ná dámhach seipteach — agus atá i bhfad níos néata agus níos deise — le dhá dhoras cruach. Istigh ann déantar scagadh idir dlúthábhar agus leacht. Coinnítear an dlúthábhar i seomra amháin ar feadh 3 bliana le múirín a dhéanamh as. Beidh sé réidh ansin le dul isteach leis an leacht atá sa seomra eile.

Uaidh sin, téann deireadh fríd dhá ghiolcarnach 6' faoi 4'. Sa chéad cheann, déantar é a chriathrú fríd shraitheanna cothrománacha de ghainimh, gairbhéal agus clocha. Sraitheanna ingearacha a bhíonn sa dara ghiolcarnach. Fásann giolcaigh ar an dá cheann agus glanann siad an t-uisce sa dóigh, nuair a shileann an t-uisce amach sa deireadh, go mbeidh sé chomh glan is go dtiocfadh leat é a ól.

An rud is súntasaí a thug mé faoi deara nach bhfuil boladh seipteach ar bith sa chóras seo. Chomh maith leis sin, tá cuma dheas air, ionas go dtiocfadh leis luí isteach mar ghné tharraingteach de ghairdín ar bith.

Ach deir Dónal go gcaithfidh tú súil a choinneáil ar an chóras, agus gan ligint do dhreasógaí nó do bhroimfhéar fás isteach fríd. Ach seo rud atá amhlaidh faoi ghairdín ar bith, is dócha. Bíonn obair ag baint leis.

Má tá giolcarnach agat in áit dámhach séarachais, ní bheidh airgead ar bith le híoc leis an rialtas.

Mar fhocal scoir, níor chóir dúinn feasta a bheith ag cur amú an t-ábhar luachmhar seo. Measc páirt amháin mhúin le fiche páirt uisce agus cuir amach ar an fhaiche é le féar glas folláin a fhás, nó cuir é gan chaolú ar do chrainn úll le torthaí den scoth a thairgeadh. Sabhálfaidh tú airgead agus cuideoidh tú uisce na n-aibhneacha, na farraige, agus na lochanna a chaomhnú.

Is é suíomh gréasáin Ollan Herr www.reedbedsirl.com.



An tAthair Brian Ó Fearraigh, Pádraig Mac Gairbheith, údar an leabhair, Máirín Uí Fhearraigh, Feargus Ó Snodaigh, Coiscéim, agus Éamonn Mac Niallais ag seoladh *Ó Duibhir as Gabhla*.

# Leabhar ar shé ghlúin de Dhuibhirigh Ghabhla seolta san Acadamh

*Tá an sliocht thíos tógtha as brollach an leabhair. Buíochas do Phádraig Mac Gairbheith agus do Choiscéim as cead an sliocht a úsáid.*

Bhí ocáid speisialta ar siúl in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair ar an tsatharn seo a chuaigh thart, an 15 Márta nuair a rinne an tAthair Brian Ó Fearraigh seoladh oifigiúil ar an leabhar Ó Duibhir as Gabhla.

Tá an leabhar Ó Duibhir as Gabhla bunaithe ar stair agus ar ghíneolaíocht chlann Úi Dhuibhir agus a sliocht as Gabhla.

Is é Pádraig Mac Gairbheith a rugadh i nGlaschú agus a togadh i gCnoc an Stollaire údar an leabhair agus is iad Coiscéim na foilsitheóirí.

Bhí scaifte breá i láthair ar an óiche agus chur Máirín Uí Fhearraigh, a bhí mar bhean an tí don ocáid, na cainteoirí in aithne.

Chomh maith leis an Athair Ó Fearraigh a sheol an leabhar, labhair údar an leabhair, Pádraig Mac Gairbheith, Fergus Ó Snodaigh as Coiscéim agus Éamon Mac Niallais as Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Tá an leabhar ar fáil ó Choiscéim agus sna siopaí aitiúla.

Gach eolas: 087 9014105

Seo cuntas ar chraobh amháin de Chlann Uí Dhuibhir as Gabhla. Is cuntas é a thugann léargas dúinn ar na pearsana láidre a thug cúl a gcinn le tír mór i lár an tseachtú céad déag le cur fúthu ar oileán mara.

Streachail siad leis na dúile ar mhaithe lena mbeatha a shaothrú taobh le taobh le farraige mhór an Atlantaigh a raibh urraim acu di i gcónaí.

Bhí an t-ainm Gabhla ceangailte ariamh le mairnéalacht agus le saineolas ar an iascaireacht. Ba ghnách le cuid fear Ghabhla taisteal ar fud chósta thiar na hÉireann, ag múineadh scileanna agus modhanna iascaireachta do dhaoine eile. Sa gheimhreadh, bhíodh na fir ag iascaireacht ó bhádaí móra, ar a dtugtaí liúracha, thart fá chósta thoir na hÉireann agus chomh fada síos le hOileán Mhanann.

Ar ndóigh, cosúil le go leor daoine as gach cearn d'Éirinn, chuaigh mórán de bhunadh an oileáin ar imirce mar nach raibh cúrsaí eacnamaíochta na tíre maith go leor le hiad a chothú.

Ba é 1911 an bhliain ba mhó daonra i nGabhla nuair a bhí 169 duine ina gcónaí ar an oileán. Faoin bhliain 1951, bhí an daonra laghdaithe go dtí 131. Siocair nach raibh dochtúir, banaltra ná sagart lonnaithe ar an oileán, ní raibh fáil ag na daoine ar na seirbhísí bunúsacha a raibh an mhuintir ar tír mór cleachtaithe leo. Faoin bhliain 1966, ní raibh fágtha ar an oileán ach 43 duine agus mhothaigh an t-aos óg nach raibh na deiseanna céanna acu is a bhí ag lucht a gcomhaoise ar tír mór. Bhí creill bháis an oileáin á bualadh agus nuair a druideadh an scoil sa bhliain 1966, bhí deireadh le ré Ghabhla.

Bhí corradh le dhá chéad bliain caite ó chuir an chéad dream de Chlann Uí Dhuibhir fúthu ar Ghabhla. Anois, bhí Clann Uí Dhuibhir scaipthe soir agus siar i bparóiste Ghaoth Dobhair, i Sasain, in Albain agus i Meiriceá. Lean mórán de chuid fear Ghabhla leis an iascaireacht mar shlí bheatha ach bhí deiseanna fostaíochta eile ag teacht chun tosaigh agus de réir a chéile d'éirigh siad as an iascaireacht. Go dtí deireadh na 1980í, bhí port an Bhuna Bhig ag déanamh gnóithe maith ach thosaigh bádaí iascaireachta ó thíortha eile an Aontais Eorpaigh ag déanamh slada ar mheánna iascaireachta an chósta agus tháinig meath mór ar iascaireacht chladaigh dá bharr.

San am i láthair, tá cabhlach de bhádaí beaga lonnaithe i bport an Bhun Bhig agus sa tsamhradh téann siad amach ag iascaireacht gliomach agus portán. Ní bhíonn ceann ar bith acu ag iascaireacht go lánaimseartha níos mó agus de ghnáth bíonn slí bheatha éigin eile ag na fir óna bhfaigheann siad a bpríomhioncam.

De réir Dhaonáireamh na bliana 1901 do Ghabhla, ní raibh iascaireacht luaite ag duine ar bith mar shlí bheatha. Ag an uair sin, ba ar fheirmeoireacht is mó a mhair na daoine. Ach diaidh ar ndiaidh, bhí siad in inmhe bádaí a cheannacht agus chloígh siad ansin leis an iascaireacht lena mbeo a thabhairt i dtír. Dá mbeadh daoine ina gcónaí i nGabhla inniu, thaispeánfadh Daonáireamh nach raibh duine ar bith ag brath ar iascaireacht mar shlí bheatha siocair nach bhféadfaí a bheith beo ar iascaireacht chladaigh feasta.

Nuair a tréigeadh Gabhla sa deireadh thiar thall, bhí an ghlúin dheireanach ina bpáistí. Tá siadsan inniu ag éirí meánaosta; thug siad a gcuid páistí féin chun an tsaoil ar tír mór agus thóg siad ansin iad fosta. Tá an cineál saoil a bhí i nGabhla thart; tá dream daoine a raibh a n-aitheantas féin acu suaite isteach anois i measc an phobail ghinearálta.

Sa lá atá inniu ann, ní bhíonn duine ar bith i nGabhla sa gheimhreadh ach bíonn go leor cuairteoirí ann sa tsamhradh. Bíonn siad ag spaisteoireacht thart ar an oileán, ag amharc ar na seantithe agus na ballóga agus iad ag meabhrú fá na daoine a bhíodh ina gcónaí iontu agus an tslí mhaireachtála a bhí acu. Tá cuid de thithe an oileáin athchóirithe ag oileánaigh ar leo iad agus tá oileánaigh eile ag déanamh amhlaidh. Mar sin féin, tá cuid de na tithe i seilbh strainséirí anois.

Fiú dá mbeadh daoine ina gcónaí i ngach uile theach i nGabhla arís, ní bheadh an saol a choíche mar a bhí. Ní féidir cúl a choinneáil ar an athrach. Le linn domh a bheith ag déanamh an taighde seo, chaith mé cuid mhór ama ag caint le daoine, idir óg agus aosta, bunadh an oileáin agus daoine nach iad.

Is fada spéis agamsa i stair mo mhuintire agus bhí grá mór agam i gcónaí d'oileán Ghabhla. Thosaigh mé ar an taighde seo sa bhliain 1999 ar an tséala go raibh na daoine a raibh eolas acu fá Chlann Uí Dhuibhir agus fá Ghabhla ag laghdú de réir a chéile. Tá cuntas anseo ar shé ghlúin ón phointe tosaigh. Tá cuid de mo ghlúin féin a bhfuil garpháistí acusan anois — is ionann sin agus ocht nglúin. San am atá le theacht, tá súil agam go leanfaidh duine éigin eile le stair Chlann Uí Dhuibhir as Gabhla.

Is mise Pádraig Mac Gairbheith, garmhac Nellie Tharlaigh Mhicí Tharlaigh.

# Chóir a bheith in am na prátaí a chur

## Blag na mBuataisí

le **Bríd Ní hIcí**



Cé go raibh cúpla lá galánta againn i Mí Márta, ná lig dó sin an dallamullóg a chuir ort. Thig le siocán no fiú sneachta a theacht i ndiaidh Lá na Féile Pádraig agus má bhíonn a dhath curtha amuigh agat, dhéanfadh an fuacht scrios ar na síolta atá sa talamh. Is é an nós atá ann, na prátaí a chuir i ndiaidh Lá Pádraig ach tá mé féin chun fanacht go dtí deireadh na míosa mar tá an talamh fliuch go fóill agus níl an teocht ardaithe go leor chun na prátaí a chur.

Bhfuil a fhios agat go dtáinig an focal 'spud' as an uirlis a bhí in úsáid chun na lustain a ghlanadh as na prátaí!

Tháinig na prátaí go dtí an tír seo sa cúigiú haois déag le taiscéalaí ó Meiriceá Theas. Tá siad furasta go leor a fhás mar bharr agus níl talamh milltean-ach maith de dhith ort chun fómhar measartha a bheith agat. Mar sin, is barr iontach tábhach-tach a bhí ann do na feirmeoirí beaga tríd an Eoraip ach go háirithe in Éirinn. Ní raibh sé i bhfad go raibh an práta mar phríomhbhia ag daoine sa tír seo. Cé go raibh coirce, eorna agus barr eile ag fás ag na feirmeoirí, le cois ba agus ainmhithe eile feirme, bhí orthu iad seo uilig a dhíol chun airgead cíos a bheith acu do na Tiarnaí Talún.

Mar sin bhí na daoine beo agus ag bráth ar na prátaí. Theip ar na prátaí sa bhliain 1740 de bharr siocán luath agus arís sa bhliain 1821 de bharr Fómhar iontach fliuch nuair a lobhaidh na prátaí sa talamh. Ach tharla an tragóid is mó sa bhliain 1845 nuair a tháinig an aicíd dhubh ar na prátaí in Éirinn agus scrios-adh an barr iomlán prátaí sa tír.

Cé go raibh neart bia sa tír, ní ag na gnáth daoine a bhí sé, agus mar sin, idir ocras agus imirce, cailleadh níos mó ná dhá mhilliún duine. Mar sin, ní raibh Gorta Mór ar bith in Éirinn ach Ocras Mór a bhí ann!

Tá prátaí rangaithe de réir a n-am aibíochta. Tá prátaí luatha nó prátaí chéadfhómhair ann agus prátaí príomhbhairr ann. Bíonn na prátaí luatha níos gaiste ag fás ach bíonn barr níos lú acu. Chomh maith leis sin, de ghnáth ní thagann dúchan na bprátaí ar na prátaí luatha. Bíonn barr i bhfad níos mó ag na prátaí príomhbharra agus thig leat iad a stóráil thar an Gheimhreadh.

Tá na céadta cinéal prátaí ann agus bíonn a rogha féin ag achan duine ach tá dúil ag léir daoine sa tír seo sna prátaí plúracha! Cuir do chuid prátaí i dtalamh foscailte, grianmhar atá glan de shiocán agus uisce. Faoin am seo den bhliain ba chóir go mbeadh an talamh leasaithe go maith agat agus an leas sin briste síos tríd an chréafóg. Tá se ró-mhall leas úr a chur ar an talamh anois mar dhéanfadh sin damáiste do na prátaí. Bíonn an t-ullmhú uilig le déanamh tríd an Gheimh-readh.

Is maith an rud do chuid fiosrúcháin a dhéanamh ar na cineáil prátaí is maith leat féin sula bpiocann tú na prátaí ata le cur agat; mar a dúirt mé, tá a rogha féin ag gach duine.

Seo oideas deas anois fá choinne mias tionlacain prátaí, ach níl sé do dhaoine atá ar aiste bia!

Tá an oideas seo do cheathair, nó beirt santach!



- 800g prátaí Rooster
- 5-6 ionga gairleoige
- 400ml uachtar
- Dornán den cáis is fearr leat féin.
- Salaínn agus piobair

Bíodh an oigheann réamhthéite ag 200°c

Bain an craiceann de na prátaí agus gearr ina slisíní tanaí. Grátáil an ghairleog. Grátáil an cháis.

Faigh mias bácála agus cuir chuid de na prátaí ar bun, clúdaigh sin leis an ghairleog, dóirt 100 ml den uachtar thar seo agus roinnt den cháis. Lean ar aghaidh mar seo go dtí go bhfuil an mias lán. Cuir salainn agus piobair air agus clúdaigh an mias le scragall stáin. Cuir san oigheann é ar feadh 40 bomaite nó mar sin, bain an scragall stáin do agus cuir ar ais san oigheann é go dtí go n-éiríonn an cháis giota beag donn ar bharr na bprátaí.

Bain sult as!



# Gasógaí ag dreapadh leo

Ghlac Gasóga óga Ghaoth Dobhair páirt in san chéad seis-iún dreapadóireachta carraige as Gaeilge ar an Chruit, Na Rosa an mí seo, eagraithe ag mng.

In éineacht le ceannaire Ghasóga Ghaoth Dobhair, David Holloway, Grainne Holloway, Amanda agus Gareth Doherty ó Sheoltóireacht Selkie ó Gaoth Dobhair, reáchtáladh an cúrsa faoi na treoraithe gairmiúla Aodhán Mac Fhionnghaile, Bráid, agus Iain Miller, Na Rosa. (Unique Ascent, Rock & Roam).

Fuair gach gasóg deis cleacht-adh le bollantóireacht agus dreapadóireacht ar bheanna farr-aige taobh amuigh ar an Chruit.

Bhí achan ghasóg lán cróg-acht agus díograis. Níor chuir na tonnta a bhí ag briseadh in éadan na carraige, isteach nó amach ar na gasóga cróga!

Tá foireann mng ag cur cúrsa as Gaeilge le chéile don óige le bheith cumasach sa dreapadóir-eacht carraige.

Ar an 5-6 Aibréan, beidh an chéad Rock agus Roam eile ann, deireadh seachtaine iomlán inar féidir triail a bhaint as dreap-adóireacht, siúl sléibhe, cadhcáil farraige agus seoltóireacht in éineacht le treoraithe gairmúla áitiúla. Tá lascaine ar fáil do ghrúpaí agus teaghlaigh.

Beidh grúpa cailíní as Pobalscoil Ghaoth Dobhair le feiceáil ar an chlár teilifíse *Ar Fud na Tíre* ar an 16 Aibreán tar éis dóibh an lá a chaitheamh ag taifeadadh le Rock agus Roam.

Tuilleadh eolais ó mng.ie nó glaoch ar 083 123 0529.

# FÓGRAÍ POBAIL

**DON ÓIGE:**

- **Club Óige Mór Dhobhair** in Ionad Naomh Pádraig achan Aoine 6-8 i.n.
(Tá an club beag lán faoi láthair.)
Eolas: www.ionadnp.ie; 074 95 32949

**SIAMSAÍOCHT:**

- **Ceolchoirm le Clann Mhic Ruairí** as Rann na Feirste, ag seinm sa tSean Bheairic, An Fhál Carrach, anocht (Dé hAoine 21 Feabhra). Tuilleadh eolais: www.antseanbheairic.com nó scairt ar 074 9180655

**RANGANNA:**

- **Ranganna Ríomhairí do Thosaitheoirí:** Tá muid ag glacadh ainmneacha anois don chéad chúrsa eile anseo san ionad. Má tá suim ag duine ar bith, cur scairt ar 074-9180571. Tá na ranganna seo saor in aisce.
- **Ranganna Damhsa dhá-lámh** ar siúl gach oíche Luan, 8in-10in. Bíonn scaifte maith ag na ranganna agus bíonn spórt ar dóigh ann. Fáilte roimh baill úra. Tá na ranganna foirstineach do gach leibhéal. €5 an rang. Eolas: www.antseanbheairic.com nó scairt ar 0749180655.
- **Ranganna ealaíona** ar siúl gach Déardaoin, 7in-10in, leis an ealaíontóir Joe Mc Clafferty, ag teagasc ola, uiscedhath, aicríleach agus tarraingt. Costas €10 an rang. Eolas: www.antseanbheairic.com nó scairt ar 0749180655.
- **Ranganna Ciorcáid** maidin Luan agus Déardaoin 7-8am. Corp-acmhainn fá choinne achan leibhéal. €5. Bíodh mata agus uisce leat. Tuilleadh eolais ar fáil ag www.antseanbheairic.com nó cuir scairt ar 074 9180655.
- **Ranganna 'Spin Bikes'** in Ionad Naomh Pádraig le Jordanna & Leona, tráthnóna Dé Céadaoin @ 8 i.n. agus maidin Dé hAoine @ 9 r.n.
- **Cúrsaí Oiliúna** Safepass, Rang ECDL agus Cúrsa ar Scileanna Agallamh & CV á chur le chéile do dhaoine dífhostaithe. Ag toiseacht in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar, gan mhoill. Cuir scairt ar an Ionad le clarú. www.ionadnp.ie; 074 95 32949
- **Ranganna Neamhfhoirmiúla Comhrá Gaeilge:** Is ciorcal comhrá a bheas i gceist anseo, deis dó dhaoine a gcuid Gaeilge a chleachtadh.

# Goitse na nÓg




Maria Coleman leis an ealaíontóir óg Eibhlín Ní Bhaoill a fuair an chéad áit i gComórtas Ealaíon na Naíonáin a heagraíodh mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar.

## Pusail

### Sudoku


| | | | |
|---|---|---|---|
| 3 | 4 | 1 | 2 |
| | | | |
| | | | |
| 4 | 2 | 3 | 1 |

Cuir uimhir idir 1 agus 4 in achan chearnóg i dtreo is go bhfuil uimhir idir 1 agus 4 in achan bhosca, líne agus colún.



CeangaIl na ciorcail le chéile ag baint úsáid as 6 líne dhíreach leanúnach.

*Freagraí ar lch 15*



Moira Harden as na Stáit Aontaithe ag glacadh páirte in imeachtaí Sheachtain na Gaeilge in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar.



Úna Nic Risteáird ag baint sult as Lá Teaghlaigh Spóirt agus Spraoi in Ionad Naomh Pádraig, mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge



Stíl úr gruaige do Challie Nic Pháidín ag Lá Teaghlaigh Sheachtain na Gaeilge i nDobhar.



Sally Nic Pháidín ag Lá Teaghlaigh Sheachtain na Gaeilge in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar.

# Deireadh Seachtaine Craiceáilte i dTigh Hiúdaí

Beidh dhá oíche Chraiceáilte Tigh Hiudaí i nGaoth Dobhair Dé Sathairn seo, mar chuid den Chabaret Craiceáilte, ag a mbeidh na ceoltóirí Donal McCague (Ceoltoir Óg na Bliana 2013 ag Gradaim Ceoil TG4) agus a dheartháir Micheal McCague as an Bhoth, Co. Mhuineachán, Ciarán Ó Maonaigh (fear a bhfuil an ghradam chéanna buaite aige) agus Caitlín Nic Gabhann, an grúpa Mo Hata Mo Gheansaí agus go leor eile ag seinm.


Emma Ní Fhíoruisce


Ciarán Ó Maonaigh agus Caitlín Nic Gabhann

Beidh réamh-chóisir Chraiceáilte ann Dé hAoine 28 Márta agus an Cabaret féin ann Dé Sathairn 29 Márta.

Beidh an racghrúpa as Conamara, The Temporary, ar an ardán fosta, chomh maith leis an phapamhránaí áitiúil Emma Ní Fhíoruisce agus cuid mhór ceoltóirí agus damhsóirí eile.

I measc na gceoltóirí áitiúla a bheas ar an ardán, beidh Bríd Ní hIcí, Micheál Danny Minnie, agus Liam Mac Giolla Bhrighde, agus beidh Céilí Craiceáilte ar siúl Dé hAoine fosta.

Fógraíodh an tseachtain seo fosta go mbeidh an sár-ghrúpa reggae Bréag ag teacht chuig Cabaret mhí Aibreáin ar an 26 Aibreán i gcuideachta girseachaí Ukelele Bhéal Feirste mar chuid do chamchuairt speisialta ag ceiliúradh 20 bliain den ghrúpa Bréag. Beidh clár raidió speisialta le Bréag á chraoladh ar RnaG, an lá roimhe sin, DéhAoine 25 Aibreán 3-4pm.

Maidir leis an Chabaret agus an rave-chóisir ag deireadh na míosa seo, beidh an Céilí Craiceáilte agus cuid mhór aoícheoltóirí ar an ardán ar an Aoine óna 10 i.n. ar aghaidh.

Beidh Mó Hata Mó Gheansai as Cill Mhantáin, Dónal agus Micheál McCague as Muineachán, Ciarán Ó Maonaigh agus Caitlín Nic Gabhann as Cois Cláidí, The Temporary as Conamara, Emma Ní Fhíoruisce as Srath na Corcra agus go leor eile ar an ardán Dé Sathairn óna 10 a chlog ar aghaidh.

Fogrófar tuilleadh ainmneacha de cheoltóirí agus grúpaí ar an chlár Rónán@3 ar Ráidió na Gaeltachta i rith na seachtaine.





Bíonn Micí Whiting Mac Aoidh ina aoi ar an chlár Rónán Beo@3 ar Raidió na Gaeltachta gach Mháirt. Tá *Goitse* buíoch do Mhicí, do Rónán agus do fhoireann Raidió na Gaeltachta as cead na focla seo a chur i gcló.

## Focla Mhicí

**Cruibhead:** na manaigh sa tsean aois … áit fa choinne fíon a choinneáil … déanta cosúil le cupa … seans go dtabharfaidh cailís air sa lá atá inniu ann.

**Ciarta:** bréid (píosa d'éadach trasna ar a chuid súile) a bheadh ann … pionós a fuair Colmcille nach bhfeicfeadh sé Éirinn a choíche arís nuair a thit sé amach le Naomh Fionnán. Ciar — *wax* — a bhí san éadach). Dallóg a bhí ann.

**Sprúar:** rud ar bith a thitfeadh uait agus a bhriseadh ina smionagar iontach mín ar fad … sprúar a bheadh ann.

**Búiste:** plástar a chuirfeadh siad ar neascóid fá choinne an silleadh a tharraingt amach as an neascóid. *Poultice* i mBéarla. Píosa d'arán bán … chuirfeá sin i mullach an neascóid agus chuirfeá bréid os a chionn sin.

**Scathmhaire:** scathmhaire do fhear … iontach gasta ar a chosa … fear tánaí éadrom agus gan meáchan mór le hiompar aige.

**Ar slabhrú:** dá mbeadh cuid mhór cuileoga sa teach … tá an teach ar slabhrú le cuileoga … tá an áit ar slabhrú acu. Ach i nGaoth Dobhair chloisfeá: tá mé ar slabhrú leis an ocras — tá mé ar scimleadh/scimliú leis an ocras … tá mo bholg thiar ar mo dhroim/ocras mór orm. Bhí oiread ocrais orm go n-íosfainn fearann an bheitheach (marcach ar an bheitheach)!

**Amhlánta:** duine nach bhfuil mórán réasún aige … níl sé ábalta rudaí a shocrú go suaimhneach mar a dhéanfadh gnáthdhuine — tá sé *aggressive* … iontach amhlánta.

**Amhlóir:** duine atá iontach trioblóideach … thógfadh sé troid sna flaithis.

**Giolla na mbréag agus na seallóg:** duine nach dtig leat focal amháin a chreidbheáil uaidh … níl seallóg chomh holc leis an bhréag.

**Bealadh taobh amuigh do ghob:** (*ointment outside of mouth*) duine a insíonn scéal duit nach bhfuil ag teacht óna chroí … bhí sé ag cuir i gcéill duit go raibh sé ag inse an fhírinne.

**Bealadh:** *ointment* — chuirfeá bealadh ar chnámha nimhneacha … ba ghnáth leo géir gandail a chuimilt.

**Gob:** taobh amuigh do bhéal an duine

**Am thuill:** iontach am-thuill sna cnámha — gasta — déan go gasta é … déan go h-am thuill é.

# Blitz Iomána na Gaeilge



Chuaigh páistí Ghaoth Dobhair chuig Blitz iomána na Gaeilge a bhí ar siúl ag CLG Baile na Scríne, Contae Dhoire le gairid.

Bhí níos mo ná 150 páiste as Gaelscoileanna agus Clubanna atá ag cur na Gaeilge chun chin.

Rinne dhá dhream as Dún na nGall an turas go Machaire Fíolta. Bhí 41 páiste as Gaelscoil Adhamhnáin Leitir Ceanainn ann agus 21 páiste as CLG Ghaoth Dobhair.

Ar feadh beagnach dhá uair a chloig, bhí na camáin ag luascadh is na sliotair ag eitilt. Bhí ceithre fhoireann fágtha agus na cluichí leath ceannais buailte againn - Gaoth Dobhair(a), Leitir Ceanainn(a) , Gaoth Dobhair (b) agus Carn Tóchar. Éacht déanta ag na Conallaigh trí fhoireann a fháil a fhad leis na chluichí leath-cheannais.

Is iad Gaoth Dobhair (a) agus Carn Tóchar a d'imir sa chluiche ceannais. Bhí cluiche ar dóigh ann. Bhí foireann Ghaoth Dobhair rud beag níos láidre agus thug siad Corn Cuimhneacháin An Athar Ó hEaráin 'na bhaile leo.

Is iad Na Magha as Doire a bhain Comórtas an Sciath.

15 fhoireann as Gaelscoileanna/Clubanna Cúige Uladh a bhí páirteach sa chomórtas seo don chéad uair agus mar a deir siad: tús maith leath na hoibre!





Foireann Ghaoth Dobhair a bhain Corn Cuimhneacháin an Athar Uí Earáin ag Blitz Iomána na nGael.



**Foireann bhuacach faoi 16 Chloich Cheann Fhaola a bhain Corn Mhig Artuir i bPáirc Uí Éalaigh, ar an Ómaigh, ar na mallaibh.** (Tuairisg is grianghraif ar lch 16).

## Nótaí CLG

### ● Naomh Mhuire

Comhghairdeas le Damien Ó Doibhlin agus Jamie Mac Aoidh a bhí ar fhoireann Phobalscoil Chloch Cheann Fhaola a bhain craobh Uladh faoi 16 le gairid.

Beidh traenáil faoi 12 ann gach Satharn ag a 4.45 i.n. sna 'Banks'.

D'eirigh thar barr leis an oíche dornálaíochta. Buíochas do gach duine a chuidigh ar dhóigh ar bith.

### ● Cloich Cheannfhaola

Bhí bua maith ag an chlub ag Scór Sinsir Dhún na nGall. Bhain siad Damhsa Seite, Rince Foirne agus Ceol Uirlisí. Beidh siad ag glacadh páirt anois i mbabhta leath-cheannais Craobh Uladh.

### ● Gaoth Dobhair


Bhí an bua ag an fhoireann sinsir i gComórtas Peile na Gaeltachta: Gaoth Dobhair 0-7 Gaeil Fhanada 0-5.

Rás 5k curtha siar go Mí Aibreáin.

Oíche Dornálaíochta: CLG Gaoth Dobhair v Gailf Chumann Gaoth Dobhair ar an 12 Aibreán. Bígí ann.

*Freagraí ar phusail lch 13:*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3 | 4 | 1 | 2 |
| 2 | 1 | 4 | 3 |
| 1 | 3 | 2 | 4 |
| 4 | 2 | 3 | 1 |





Foireann Phobalscoil Chloich Cheannfhaola ag ceiliúradh a bua ar Pháirc Uí Éalaigh ar an Ómaigh.

# Bua éachtach ag peileadóirí óga Phobalscoil Chloich Cheannfhaola

Scríobhadh píosa eile staire i dtaca le Peil Ghaelach Co. Dhún na nGall an mhí seo nuair a bhain Pobalscoil Chloich Cheannfhaola Corn Mhig Artuir i bPáirc Uí Éalaigh, ar an Ómaigh. Is í an Phobalscoil an chéad scoil a bhain an comórtas as Co. Dhún na nGall — éacht iontach ar fad. Thosaigh an comórtas seo sa bhliain 1962 ach níor ghlac an Phobalscoil páirt ann go dtí 1993. Thosaigh 94 scoil i gCúige Uladh ag imirt sa chomórtas seo i mí Mean Fómhair ach is iad na Conallaigh a tháinig amach ar bharr sa deireadh. Seo mar a d'éirigh leo an ócáid stairiúil seo a bhaint amach:

**Céim an ghrúpa: Dún na nGall**
Is iad Na Gleanntaí an t-aon fhoireann ar éirigh leo an buaidh a fháil ar Phobalscoil Chloich Cheannfhaola i mbliana. Fuair an Phobalscoil an bua ar choláiste na Carraige, Pobalscoil na Rosann agus Gairmscoil na Mainistreach agus d'éirigh leo sa ghrúpa dúshlánach seo. Bhí Gairmscoil na Mainistreach ag baint le naoi bpointe ag leath ama ach d'éirigh leis an Phobalscoil theacht ar ais le croí mór maith agus bhain siad an cluiche sa deireadh agus sé phointe sa bhreis acu.

**Cluiche Leath Cheannais: Dún na nGall**
D'imir siad Pobalscoil Loreto, Baile na nGallóglach, agus bhí an buaidh acu. D'imir an fhoireann go maith ar fad agus mar gheall air seo, bhí áit i gCluiche Ceannais Dhún na nGall bainte agus tuillte acu.



Seaimpíní Uladh! Peileadóirí Phobalscoil Chloich Cheannfhaola a chroch Corn Mhig Artuir abhaile leo ar na mallaibh.

**Cluiche Ceannais: Dún na nGall**
Imríodh an cluiche seo ar lá breá gréine i gConmhaigh i bpáirc úr foirne Dhún na nGall. Bhí buachaillí na Pobalscoile neirbhíseach ar dtús ach ní raibh sé i bhfad go raibh an riotham ceart acu agus agus bhain siad an cluiche ceannais go maith sa deireadh: 2-8 ag Pobalscoil Chloich Cheannfhaola agus 0-2 ag Scoil N. Columba, Srath an Urláir.

**Cluiche Ceathrú Ceannais: Uladh**
D'imir na Conallaigh an cluiche seo i gCo. Thír Eoghain ar pháirc astroturf. Bhí bainisteoir sinsearach fhoireann Mhuineacháin, Malachy O'Rourke i gceannas ar Scoil N. Seosamh, Inis Ceithleann, ach níor chuir seo isteach nó amach ar bhuachaillí na Pobalscoile agus bhuail siad go maith iad sa deireadh.

**Cluiche Leath Ceannais: Uladh – Páirc na gCeilteach, Doire**
Bhí cluiche iontach anseo agus ní raibh ann ach pointe amháin ag deireadh. Ciarán Mac Fhionnghaile agus Michael Ó Longáin leis na cúil don Phobalscoil. Bhí an buaidh acu 2-10 go 3-06.

**Cluiche Ceannais: Uladh – Páirc Uí Éalaithe, an Ómaigh**
Bhí slua mór i láthair ag an chluiche seo agus leis na trí paróistí ag tabhairt tacaíochta dóibh, bhí na buachaillí múinínneach. Bhí siad ag imirt Coláiste Naomh Marcus, Co. an Dúin, scoil a bhain an corn seo breis 's seacht n-uaire roimhe seo le 2013 san áireamh. Bhí tasc mór ag na buachaillí ag smaoineamh nár bhain scoil as Dún na nGall an corn seo riamh ach is léir gur bhain siad sult as an dúshlán. Throid siad go crua sa chéad leath agus bhí siad ag baint le ceithre phointe ag leath ama ach bhí a fhios ag achan duine nach raibh seaimpíní 2013 ag dul a luí síos chomh furast sin. Nuair a tháinig siad amach sa dara leath bhí cuma gurbh fhoireann úr a bhí iontú agus chuaigh siad chun tosaigh nuair a fuair siad cúig phointe gasta ag tús an dara leath. Throid na Conallaigh leo, le corn Mhig Arthur ag amharc anuas orthu ón ardán agus muintir na scoile agus an pharóiste go léir ag amharc orthu, thóg siad a n-imirt deich faoin gcéad eile. Fuair siad cúl arís ón phríomh imreoir Michael Ó Longáin agus thóg seo spiorad na foirne go léir. Bhí cúig phointe sa bhreis acu le cúig bhomaite le dul agus cé go raibh siad faoi bhrú mhillteanach, rinne na cosantóirí faoi stiúir Dhónaill Uí Dhoibhlinn imirt ar dóigh. Chríochnaigh an cluiche, Pobalscoil Chloich Cheannfhaola 2-9, Coláiste N. Marcus 0-14.

Leis an chluiche bainte acu, chuaigh Corn Mhig Arthur chun na Gaeltachta i dTír Chonaill don chéad uair. Bhí achan duine iontach bródúil as na buachaillí as an éacht stairiúil seo a bhí bainte amach acu. Bhí scaifte ollmhór cruinnithe thart ar na Croisbhealaí le fáilte a chur roimh na buachaillí agus an Corn an tráthnóna sin.

Níl an turas thart go fóill, áfach. Beidh buachaillí na Pobalscoile, seaimpíní chúige Uladh 2014, ag imirt in éadan seaimpíní cúige Laighean, Coláiste na Dea Comhairle, Ros Mhic Thriúirn ar an 22 Márta.